Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 35

# Arm-Phinsin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí ar iníoctha iad faoi il-reachtanna i leith nó i ndáil le baill d'Óglaigh na hÉireann agus Eagrais Mhíleata áirithe eile, srl., agus ar il-ranníocaíochtaí agus ilspeansais a bhaineann leis sin; ar liúntais leanaí seach-reachtúla áirithe agus íocaíochtaí eile agus ar ildeontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Rinneadh barrachas de €575,031 don bhliain a thaifead.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa de réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 25 de 2017 a chur chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta ar Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha
- tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do shócmhainní.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadta cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt scríofa a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuaithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileál leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu.

Sa chlár rioscaí cuirtear síos sonraí ar na rialaithe agus ar na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialaithe do bhaill foirne ar leith.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an mbainisteoireacht agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon lagú rialuithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnásanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais atá againn agus tá an bhainisteoireacht shinsearach sa Roinn freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

**Ceisteanna a Bhaineann le Rialú Airgeadais Inmheánach**

Níor tugadh aon lagú sna rialaithe inmheánacha airgeadais faoi deara maidir le 2017 a raibh, nó a bhféadfar go mbeidh, caillteanas ábharach mar thoradh air.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta

29 Márta 2018

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 35 Arm-Phinsin

**Tuairim ar an gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**An bonn faoi mo thuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Arm-Phinsin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 35 Arm-Phinsin
## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | **Soláthar le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 229,632 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 11,000 | 240,632 | 240,022 | 234,713 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 229,632 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 11,000 | **240,632** | **240,022** | **234,713** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 5,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 300 | **5,300** | **5,265** | **5,437** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 224,632 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 10,700 | | | |
| | | | **235,332** | **234,757** | **229,276** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh suas don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le géilleadh | 575,031 | 214,167 |
| Barrachas Vóta | — | 23,299 |

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta

29 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | 239,951 | 234,643 |
| Pá | 56 | 56 |
| Neamhphá | 15 | 14 |
| **Ollchaiteachas** | **240,022** | **234,713** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,265** | **5,437** |
| **Glanchaiteachas** | **234,757** | **229,276** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 2,582 | 2,659 |
| **Glanchaiteachas chláir** | **237,339** | **231,935** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 35 a Iompraíodh in áit eile maidir le tuarastail riaracháin agus seirbhísí eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,258 | 1,273 |
| Vóta 36 Cosaint | 1,324 | 1,386 |
| | **2,582** | **2,659** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar a tá ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 572 | 232 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 7 | — |
| **Iomlán caiteachais reatha** | | **579** | **232** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.2 | 5 | 19 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.3 | 574 | 213 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **579** | **232** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **—** | **—** |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **—** | **—** |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 235,332 | | |
| Glanbharrachas | Cuntas | (575) | | |
| Vóta glan | | | 234,757 | 229,276 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 2,582 | 2,659 |
| Glanchaiteachas chláir | 1 | | (237,339) | (231,935) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | — | — |

## 2.2 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cánacha iníoctha | — | 5 |
| | — | 5 |
| Íocaíochtaí pinsin atá á gcoinneáil ar fionraí | 5 | 14 |
| | **5** | **19** |

## 2.3 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Glanbharrachas | 575 | 214 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1) | (1) |
| Glandliteanas don Státchiste | **574** | **213** |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 572 | 232 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 7 | — |
| | 579 | 232 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | — | (5) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (5) | (14) |
| | **574** | **213** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fo-cheannteidil

### Clár A Soláthar le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sa mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 70 | 71 | 70 |
| A.2 | Scéimeanna pinsin Óglaigh na hÉireann agus íocaíochtaí i leith seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 220,137 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 10,830 | 230,967 | 230,644 | 225,040 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí d'iarbhaill nó maidir le hiarbhaill Óglaigh na hÉireann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 8,700 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 430 | 9,130 | 8,857 | 8,977 |
| A.4 | Íocaíochtaí le cleithiúnaithe na n-iarshaighdiúirí a bhí i gCogadh na Saoirse | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 400 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (55) | 345 | 335 | 489 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 225 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (155) | 70 | 74 | 73 |
| A.6 | Fearais leighis agus speansais taistil agus theagmhasacha | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 100 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (50) | 50 | 41 | 64 |
| | | | **240,632** | **240,022** | **234,713** |

**Comhathrú suntasach**

San iomlán, bhí luach an ollchaiteachais i dtaca leis an gClár €10.39 milliún níos airde ná mar a bhí sa mheastachán bunaidh. Bhí gá ann le meastachán forlíontach de €10.83 milliún ar Fho-cheannteideal A2 chun an costas iomlán de shochair scoir - na pinsin agus na cnapshuimeanna scoir a chlúdach chomh maith leis na costais aoisliúntais a bhain le líon méadaithe pinsinéirí míleata. Bhí gá ann le €0.43 milliún breise ar Fho-cheannteideal A3 le freastal ar na costais méadaithe a bhaineann leis an bpinsean míchumas míleata. Rinneadh an meastachán forlíontach seo de €11.26 milliún a fhritháireamh go páirteach trí choigilteas ar luach €0.26 milliún a d'eascair ar Fho-cheannteidil A4, A5 agus A6, atá faoi thiomáint éilimh, agus fágann sé sin ollriachtanas de €11 milliún. Mar gheall ar fháltais mheasta bhreise de €0.30 milliún faoi Fo-Cheannteideal B, tá glanmheastachán forlíontach de €10.70 milliún ann.

A.2 Scéimeanna pinsin Óglaigh na hÉireann agus íocaíochtaí i leith seirbhís aistrithe

Soláthar mheastacháin: €220.137 milliún; toradh: €230.644 milliún

Bhí raon tosca ar chúis iad leis an méadú i gcaiteachas de €10.507 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán. Chuaigh líon na bpinsinéirí ó na Fórsaí Cosanta i méid, ó 11,807 ag deireadh 2016 go 11,970 ag deireadh 2017, rud a chuir le buntreocht aníos na mblianta roimhe sin. Beidh sochair scoir iníocha éagsúil, ag brath ar sheirbhís, ar rang an duine le linn dó/di dul ar scor agus ar an bpá inphinsin; bhí go leor de na daoine a chuaigh ar scor le déanaí i dteideal uasmhéid na sochar scoir a fháil. In 2017, chuaigh thart ar 70% den phearsanra míleata a chuaigh ar scor le teidlíocht láithreach i dtaca le pinsean agus le cnapshuim phinsin, chuaigh siad ar scor ar bhonn deonach, is é sin le rá, roimh a n-uasaois scoir. De réir mar a athraíonn an líon pinsinéirí agus an meascán de na ranganna sa líon sin, bíonn sé an-deacair, mar sin de, tuar cruinn a thabhairt maidir le líon na ndaoine a théann ar scor ar bhonn deonach agus maidir le luach na sochar a d´fhéadfadh a bheith iníoctha in aon bhliain.

A.5 Íocaíochtaí cúitimh

Soláthar mheastacháin*: €0.225* milliún*, toradh: €0.074* milliún

Is é ba chúis leis an ngannchion (coigilt) i gcaiteachas de €0.151 milliún i gcoibhneas leis an suim soláthraithe sa mheastachán ná an fíoras nach ndearnadh aon íocaíocht amach faoin gcuid ‘theagmhasacht” den fho-cheannteideal seo le linn 2017. Déanann an phríomheilimint sin ´teagmhais´ soláthar d´íocaíocht chúitimh speisialta chnapshuime ag an Roinn Cosanta do bhásanna a bhaineann le seirbhís nó do mhíchumasú bhaill na bhFórsaí Cosanta agus iad ar dualgas thar lear leis na NA agus ar mhisin áirithe eile.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin Óglaigh na hÉireann do Chéilí agus do Leanaí | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 3,347 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 300 | 3,647 | 3,694 | 3,846 |
| B.2 | Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsin Ranníocacha Óglaigh na hÉireann | | 1,500 | 1,525 | 1,493 |
| B.3 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí | | 40 | 36 | 96 |
| B.4 | Íocaíochtaí a fuarthas i ndáil le seirbhís aistrithe | | 40 | 8 | — |
| B.5 | Nithe ilghnéitheacha | | 70 | — | — |
| B.6 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | | 3 | 2 | 2 |
| | **Iomlán** | | **5,300** | **5,265** | **5,437** |

**Comhathrú Suntasach**

San iomlán, bhí €0.265 milliún níos mó i gceist le leithreasaí i gcabhair ná mar a bhí measta sa mheastachán bunaidh.

Tá an príomhmhíniú ar na hathraitheacha seo leagtha amach thíos.

*B.1* Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin Óglaigh na hÉireann do Chéilí agus do Leanaí

Suim soláthraithe sa mheastachán: €3.347 milliún, toradh: €3.694 milliún

Is é ba chúis leis an méadú de €0.347 milliún ná an fíoras go bhfuil na ranníocaíochtaí a d'íoc baill foirne an Bhuanfhórsa Cosanta do na scéimeanna pinsin níos airde ná mar a bhí réamhmheasta. Beidh na ranníocaíochtaí éagsúil ag brath ar ráta athruithe an phearsanra, ar thuilleamh inphinsin agus ar chonair ghairme ar fud an Bhuanfhórsa Chosanta. Bíonn sé deacair, mar sin de, leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

## Nóta 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | **1** | **1** |

### 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 55 | 55 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1 | 1 |
| **Pá Iomlán** | **56** | **56** |

Tugann ball foirne amháin tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm - Phinsean.

Is d'fho-cheannteideal A.1. a mhuireartar costais phá chomh maith le costais iompair de €15,000 atá gaolmhar leo. Faoi láthair na huaire tá 18.5 fostaí (coibhéis lánaimseartha) de chuid na Roinne nach bhfuil ag feidhmiú ach amháin ar riar pinsean agus íocaíochtaí eile gaolmhara. Is ionann a luach saothair agus thart ar €0.9 milliún, agus muirearaítear é ar Vóta 36.

### 5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meán-Íocaíochtaí le pearsanra Óglaigh na hÉireann ar scor

| Catagóir an phinsinéara | An líon daoine a fuair pinsean ag deireadh na bliana | | Meán-íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Oifigigh ar scor | 1,817 | 1,773 | 30,600 | 30,500 |
| ONC agus saighdiúir singil ar scor | 8,648 | 8,526 | 16,600 | 16,600 |
| Cleithiúnaithe agus eile[b] | 1,905 | 1,935 | | |
| **Iomláin** | **12,370** | **12,234** | | |

a Léiríonn Clár 5.3 comhaireamh iomlán líon na ndaoine do gach catagóir faighteora ó gach fo-cheannteideal laistigh de Vóta 35 ag deireadh na bliana. Sochair a bhaineann le cineál an aoisliúntais trí mheán pinsin agus aisce (cnapshuim) iníoctha d'iarbhaill an Bhuanfhórsa Chosanta agus do chléithiúnaithe na mball éagtha atá i gceist le thart ar 95% de gach cineál caiteachais phinsean míleata. Faigheann roinnt pearsanra atá ar scor idir phinsean scoir míleata agus phinsean míchumais míleata, agus tá íocaíochtaí gaolmhara iníoctha freisin do roinnt céilí/leanaí pearsanra éagtha: ní áirítear a leithéid d'fhaighteoirí dúbailte ach uair amháin do chuspóirí comhairimh líon na ndaoine thuas.

b Níor taifeadadh an mheáníocaíocht aonarach thuas faoi 'Cléithiúnaithe agus Eile' ós rud é gur minic a bhíonn na suimeanna éagsúil mar gheall ar na catagóirí éagsúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa seo. Ba é meánphinsean iomlán na gcleithiúnaithe a bhaineann le haoisliúntas le haghaidh 1,440 faighteoir i 2017 ná €9,100, thart ar an méid céanna a íocadh i 2016.

## 5.4 Aisce scoir (cnapshuim) – meáníocaíochtaí i gcás go bhfuiltear ag scor ar phinsean[a]

| Catagóir an phinsinéara | Líon na bhfaighteoirí | | Meán-íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Oifigigh – a chuaigh ar scor i rith na bliana Oifigigh | 69 | 74 | 81,500 | 69,300 |
| Oifigigh Neamh Choimisiúnta agus saighdiúirí singile – a chuaigh ar scor i rith na bliana | 258 | 256 | 44,800 | 41,000 |
| **Iomláin** | **327** | **330** | | |

a Tá leibhéal an phinsin agus na haisce scoir éagsúil, ag brath ar an rang scoir, ar an tuilleamh inphinsin, ar an tseirbhís iomlán ináirithe agus mar sin de.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Ró-íocaíochtaí

Bhí 55 cás ró-íocaíochtaí fós amuigh ag deireadh na bliana (2016: 52) dar suim €48,458; baineann €28,348 den tsuim seo le blianta roimhe seo. Tháinig róíocaíochtaí arbh fhiú €59,721 iad chun cinn sa bhliain 2017. Den fhigiúr sin, aisghabhadh €38,385 agus díscríobhadh €1,227. Táthar ag féachaint faoi láthair leis na méideanna gan íoc a aisghabháil. Baineann mórchuid mhór na ró-íocaíochtaí seo leis an gcuid sin den phinsean a íoctar sa tréimhse tar éis bháis phinsinéara agus an párolla míosúil tar éis a bheith próiseáilte cheana féin don mhí sin.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **50,423** | **31,193** |
| Ró-íocaíocht a sainaithníodh sa bhliain | | 59,721 | 90,672 |
| | | 110,144 | 121,865 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a tugadh faoi deara i 2017 | 38,385 | | |
| Ró-íocaíochtaí a tugadh faoi deara i roimh 2017 | 20,098 | 58,483 | 63,904 |
| | | 51,661 | 57,961 |
| **Díscríofa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a tugadh faoi deara i in 2017 | 1,227 | | |
| Ró-íocaíochtaí a tugadh faoi deara i roimh 2017 | 1,976 | 3,203 | 7,538 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **48,458** | **50,423** |

## 6.2 Íocaíochtaí faoi réir lacáiste pinsean na Seirbhíse Poiblí

Tháinig deich ró-íocaíocht, atá comhionann le €72,365 – nach léirítear iad sna figiúir ag 6.1 thuas - chun solais in 2017. Bhain siad le hiar-bhaill de chuid Óglaigh na hÉireann, maidir le pinsean scoir míleata, a raibh fostaíocht faighte acu ina dhiaidh i gcodanna eile den tseirbhís phoiblí. Ba cheart a leithéid de phinsin teacht faoi réir forálacha lacáiste d'alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile). In gach cás, tharla na ró-íocaíochtaí mar thoradh ar mhoillithe arbh é an fostóir seirbhíse poiblí ábhartha a raibh dualgas air an Roinn Cosanta a chur ar an eolas faoi athfhostaíocht an phinsinéara ba chúis leo. In 2017 rinneadh €21,716 den mhéid gan íoc a athshlánú Tá an t-athshlánú críochnaithe in aon chás amháin agus tá sé fós i mbun i sé chás. Tá trí chás eile ann ina bhfuil an Roinn Cosanta ag déanamh teagmháil leanúnach maidir leo.

| | 2017 |
|---|---|
| | € |
| Ró-íocaíochtaí a tugadh faoi deara sa bhliain i | 72,365 |
| | 72,365 |
| **Forchúitithe** | |
| Ró-íocaíochtaí a tugadh faoi deara i 2017 | 21,716 |
| **Iarmhéid deiridh** | **50,649** |